



An Bhruiséil, 5 Feabhra 2021
(OR. en)

5791/21

FIN 82
INST 40
PE-L 3

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

ó:	An Coiste um an mBuiséad
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2022 – <i>Formheas</i>

1. Mar ullmhúcháin le haghaidh na dtreoirlínte buiséid do 2022 atá le bunú ag an gComhairle, mheas an Coiste um an mBuiséad tacar dréachtchonclúidí ón gComhairle, ar bhonn togra ón Uachtaránacht.
2. Ag an gcruinniú a bhí aige an 4 Feabhra 2021, tháinig an Coiste um an mBuiséad ar chomhaontú maidir leis an téacs mar a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 é.
3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:
 - a dhaingniú go n-aontaíonn sé le téacs na ndr éachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2022, mar a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 a ghabhann leis an nóta seo;

- cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle¹, arna shíneadh a thuilleadh le Cinneadh 2021/26 ón gComhairle², go n-úsáidfídh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn le go nglacfar na dréachtchonclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 a ghabhann leis an nóta seo; agus
- socrú a dhéanamh go gcuirfear na dréachtchonclúidí ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gCoimisiún agus chuig na hinstitiúidí eile agus go bhformheasfar an dréachtlitir in IARSCRÍBHINN 2 dá réir sin.

¹ Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88 I, 24.3.2020, lch. 1).

² Cinneadh (AE) 2021/26 ón gComhairle an 12 Eanáir 2021 lena sínítear a thuilleadh an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253 agus (AE) 2020/1659, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 11, 14.01.21, lch. 19).

DRÉACHT-CHONCLUÍDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LEIS NA TREOIRLÍNTE BUISÉID DO 2022

1. Tugann an Chomhairle dá haire gurb é an nós imeachta buiséadach do 2022 an dara ceann i gclárthréimhse 2021-2027. I ndáil leis sin, beidh ról tábhachtach ag an mbuiséad ó thaobh na geuspóirí agus na dtosaíochtaí polaitiúla fadtéarmacha arna gcomhaontú ag an Aontas a fhorbairt agus a bhaint amach, rud a chuirfidh le téarnamh an gheilleagair Eorpaigh i ndiaidh phaindéim COVID-19, arna neartú ag na cistí a chuirtear ar fáil ón ionstraim téarnaimh shealadach, Next Generation EU (NGEU).
2. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá go n-urramóidh institiúidí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais gach gné de chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027³ agus go gcomhlíonfaidh siad iad nuair a bheidh an buiséad do 2022 á bhunú agus á chur chun feidhme acu.
3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart an buiséad a bhunú i gcomhréir leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais⁴, go háirithe prionsabail na haontachta, na bliantúlachta, na bainistíochta fóna airgeadais agus na trédhearcachta.

³ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

4. Measann an Chomhairle gur cheart don bhuiséad do 2022 a bheith réalaíoch, i gcomhréir leis na riachtanais iarbhír, go n-áiritheofaí buiséadú stuama leis agus, gan dochar d'fhorálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh⁵, go bhfágfaí corrlaigh leordhóthanacha faoi uasteorainneacha CAI leis chun déileáil le cúinsí gan choinne. Ina theannta sin, ba cheart go soláthrófaí leordhóthain acmhainní sa bhuiséad do 2022 chun cur chun feidhme chláir an Aontais a áirithiú agus chun go mbeifí in ann na gealltanais a tugadh cheana faoin CAI reatha agus faoin CAI roimhe sin a íoc in am trátha, más gá agus i gcásanna cuí-réasúnaithe, tar éis gach ath-leithdháileadh féideartha laistigh den bhuiséad a chur chun feidhme, trí úsáid a bhaint as solúbthachtaí atá ar fáil, chun aon éilimh neamhíoctha arna dtíolacadh ag na Ballstáit a sheachaint. Ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh ar leibhéal na ngealltanais le hÍOC (RAL).
5. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart an smacht buiséadach a choimeád ar gach leibhéal, agus cuireann sí i bhfios go láidir nach bhfuil le buiséadú ach amháin más mír chaiteachais í a mheastar a bheith riachtanach. Thairis sin, tarraingíonn an Chomhairle aird air gur cheart na méideanna breise a áirítear sa bhuiséad, amhail ó athúsáid saortha faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais a bheith i gcomhréir go hiomlán leis an gcomhaontú maidir le CAI 2021-2027 agus teoranta dó.
6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá atá le hintuarthacht i leith ranníocaíochtaí na mBallstát le buiséad an Aontais agus i leith íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais chuig na Ballstáit, agus meabhraítear di go gcruthaítear dúshláin nach bhfuil ag teastáil sna buiséid náisiúnta le tearcbhuiséadú agus róbhuiséadú. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún réamhaisnéisí cruinne iontaofa a chur ar fáil ar bhealach trédhearcach i leith na n-ioncam uile, lena n-áirítear athshreabha, fineálacha, agus an méid bliantúil is iníoctha ag an Ríocht Aontaithe in 2022 i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar⁶, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát measúnú a dhéanamh go tráthúil ar an ranníocaíocht mheasta uathu siúd le buiséad an Aontais.

⁵ Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).

⁶ Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart uirlisí ceartaitheacha buiséadacha, amhail buiséid leasaitheacha, a choinneáil chomh híseal agus atá cuí-réasúnaithe, agus gur cheart iad a thabhairt isteach ar bhealach tráthúil chun go mbeifear in ann iad a scrúdú mar is ceart agus ionas nach gcuirfear isteach ar fheidhmiú chláir an Aontais agus gur cheart iad a mhaoiniú go príomha trí athdháileadh. Go háirithe, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dréachtbhuiséid leasaitheacha atá bunaithe ar ioncam a thíolacadh ar leithligh agus gan mhoill tar éis don fhaisnéis ábhartha a bheith ar fáil. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanais láidir go nglacfaidh sí seasamh a luaithe is féidir maidir le dréachtbhuiséid leasaitheacha.
8. Agus tionchar phaindéim an choróinviris agus an tábhacht a bhaineann le cur chun cinn an téarnaimh ar an leibhéal Eorpach á gcur san áireamh, iarrann an Chomhairle ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais cur chuige cuimsitheach spriocdhírithe a chur i láthair faoi dheireadh 2021 chun acmhainní foirne a bharrfheabhsú ag leibhéal 2020, agus chun bealaí nua don obair dhigiteach a chur chun feidhme agus leanúint de ghnóthachain éifeachtúlachta a lorg maidir le caiteachas nach mbaineann le tuarastal, lena n-áirítear trí chomhar idir-institiúideach a dhoimhniú i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach⁷. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cistiú gníomhaireachtaí díláraithe a choimeád faoi smacht daingean agus é a theorannú do riachtanais chuí-réasúnaithe amháin, mar a léirítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa⁸.
9. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an dréachtbhuiséad do 2022 a thíolacadh a luaithe is féidir ionas go mbeidh dóthain ama ag an gComhairle agus ag na parlaimintí náisiúnta mionscrúdú a dhéanamh agus a seasaimh a ullmhú go mion. Molann sí don Choimisiún chomh maith feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar a bhfuil sna ndoiciméid buiséadacha ionas gur níos simplí, níos gonta agus níos trédhearcaí a bheidh siad. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe íocaíochta dá bhforáiltear le haghaidh gníomhartha dlí nua nó leasuithe ar ghníomhartha dlí atá ann cheana nach bhfuil glactha go fóill a áireamh i gcúlchiste, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais.

⁷ EUCO 10/20.

⁸ 5375/21.

10. Ina theannta sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún go mbeadh an tsraith iomlán de na doiciméid is infheidhme a liostaítear in Airteagal 41 den Rialachán Airgeadais ag gabháil leis an dréachtbhuiséad. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún trédhearcacht agus infheictheacht iomlán na geistí uile faoi NGEU a áirithiú tríd an bhfaisnéis uile ábhartha a chur ar fáil, lena n-áirítear táblaí achoimre maidir le leithreasuithe buiséid faoi NGEU.
11. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas go rialta maidir leis an ioncam sannta atá iontráilte sa bhuiséad, lena n-áirítear ioncam ó NGEU agus ón gComhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe⁹, agus a chuid oibleagáidí dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais a leanúint a mhéid a bhaineann leis an ioncam sannta eile a leithdháiltear ar chlár áirithe i gcomhréir leis an gcomhaontú maidir le CAI 2021-2027. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an trédhearcacht a mhéid a bhaineann le costais mhaoiniúcháin NGEU agus bainistiú fiachais agus dliteanais uile eile bhuiséad an Aontais.
12. Molann an Chomhairle do na hinstitiúidí uile comhoibriú ar bhealach éifeachtúil, cabhrach, rud a éascóidh nós imeachta buiséadach rianúil agus bunú an bhuiséid do 2022 laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Go háirithe, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún gníomhú mar bhróicéir macánta le linn an nós imeachta bhuiséadaigh ar fad. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh rochtain thráthúil ar dhréachteilimintí do chonclúidí comhphárteacha, ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile (go háirithe maidir le gealltanais agus íocaíochtaí) chun an próiseas idir-réitigh a éascú.
13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá na treoirlínte sin agus tá sí ag iarraidh go gcuirfidh an Coimisiún iad san áireamh mar is cuí nuair a bheidh an dréachtbhuiséad do 2022 á ullmhú.
14. Cuirfear na treoirlínte seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún, chomh maith leis na hinstitiúidí eile.

⁹ An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, Cuid a Cúig maidir le Rannpháirtíocht i gClár an Aontais, Bainistíocht Fhónta Airgeadais agus Forálacha Airgeadais (IO L 444, 31.12.2020, lch. 14).

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa
Ardrúnaí na Comhairle
Uachtarán an Choimisiúin
Uachtarán na Cúirte Breithiúnais
Uachtarán na Cúirte Iniúcháirí
Uachtarán Choiste na Réigiún
Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
An tOmbudsman Eorpach
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí
Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála

A Chara,

Táim ag seoladh chugat faoi chlúdach ar leith¹⁰ na conclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2022, a ghlac an Chomhairle an 16 Feabhra 2021.

[Clabhsúr dea-mhéine].

¹⁰ 5791/21.